Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0129(COD)**

**10498/2/25**
**REV 2 ADD 1**

**PI 126**
**PHARM 88**
**CODEC 862**
***PARLNAT***

**RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh chun go nglacfaí RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le ceadúnú éigeantach le haghaidh bainistiú géarchéime agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 816/2006<br>– Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle<br>– Arna ghlacadh ag an gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2025 |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 27 Aibreán 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún pacáiste reachtach arb é is aidhm dó dlí paitinne a nuachóiriú agus a fhorbairt a thuilleadh san Aontas, ag tógáil ar Phlean Gníomhaíochta um Maoin Intleachtúil 2020 an Choimisiúin[1].

2. Tá sé thogra reachtacha sa phacáiste paitinne, lena n-áirítear an togra le haghaidh Rialachán maidir le ceadúnú éigeantach le haghaidh bainistiú géarchéime agus lena leasaítear Rialachán 816/2006. Tá an togra seo bunaithe ar Airteagail 114 agus 207 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

3. An 20 Meán Fómhair 2023, glacadh an tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis an togra seo[2]. Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim uaidh an 28 Iúil 2023.

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh[3] maidir leis an togra an 13 Márta 2024, tar éis ghlacadh na tuarascála maidir leis an togra sa Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (JURI) an 13 Feabhra 2024. An 18 Samhain 2024, d'athcheap Coiste JURI Pharlaimint na hEorpa Adrián Vázquez Lázara (PPE, ES) mar rapóirtéir don togra.

5. Chuir an Mheitheal um Maoin Intleachtúil tús leis an scrúdú substaintiúil ar an togra i mí Eanáir 2024, faoi Uachtaránacht na Beilge. Rinneadh an scrúdú le linn ocht gcruinniú, ó mhí Eanáir go mí na Bealtaine 2024.

6. Bunaithe ar an scrúdú ar an téacs, an 26 Meitheamh 2024, ghlac Coiste na mBuanionadaithe sainordú na Comhairle[4] le haghaidh caibidlíocht idirinstitiúideach.

---

[1] 13354/20.
[2] 13349/23.
[3] T9-0143/2024.
[4] 11613/24.

7. Cuireadh tús leis an gcaibidlíocht idirinstitiúideach nuair a bhí an chéad chruinniú tríthaobhach ann an 10 Nollaig 2024 faoi Uachtaránacht na hUngáire. Tionóladh an dara agus an tríú cruinniú tríthaobhach faoi Uachtaránacht na Polainne, an 26 Márta agus an 21 Bealtaine 2025 faoi seach. Ina theannta sin, tionóladh 21 chruinniú teicniúil idirinstitiúideach. Tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú sealadach ag an tríú cruinniú tríthaobhach an 21 Bealtaine 2025.

8. An 13 Meitheamh 2025, rinne Coiste na mBuanionadaithe anailís ar théacs comhréitigh críochnaitheach an togra d'fhonn teacht ar chomhaontú agus dhearbhaigh sé é.[5]

9. D'fhormheas Coiste JURI Pharlaimint na hEorpa toradh na gcaibidlíochtaí idirinstitiúideacha an 24 Meitheamh 2025. An 30 Meitheamh 2025, chuir Cathaoirleach JURI litir chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe ina luaitear, dá nglacfadh an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh i gcomhréir leis an gcomhaontú sealadach foriomlán comhaontaithe, go molfadh sé don suí iomlánach go nglacfaí leis an seasamh ón gComhairle gan leasú ar an dara léamh sa Pharlaimint, faoi réir fíorú dlítheangeolaíoch.

## II. <u>CUSPÓIR</u>

10. Is é is cuspóir don Rialachán atá beartaithe córas um cheadúnú éigeantach de chuid an Aontais a thabhairt isteach lenar féidir athléimneacht an Aontais a neartú trí aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna áirithe a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo laistigh den Aontas. I gcásanna ina bhféadfadh sé nach dtiocfaí ar mhodhanna eile, lena n-áirítear comhaontuithe deonacha, nó nach mbeidís leordhóthanach, d'éascódh ceadúnas éigeantach an Aontais rochtain ar tháirgí atá ábhartha i gcás géarchéime agus atá faoi chosaint ag cearta maoine intleachtúla.

## III. <u>ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH</u>

11. Tá na príomhghnéithe seo a leanas sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, ar tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú ina leith:

    i. Ní fhorchuirtear leis an Rialachán aon oibleagáid rúin trádála a nochtadh. Mar sin féin, tugadh isteach soiléiriú chun a mhionléiriú nach gcuireann an Rialachán bac ar chomhaontuithe maidir le rúin trádála a thabhairt i gcrích go deonach.

---

[5] 9765/25.

ii. A mhéid a bhaineann le saincheisteanna raoin feidhme, baineadh an Gníomh um Shliseanna agus an Rialachán maidir le slándáil an tsoláthair gáis de liosta na n-ionstraimí géarchéime lena spreagtar an fhéidearthacht ceadúnas éigeantach an Aontais a dheonú. Thángthas ar chomhaontú nach liostófaí na hionstraimí géarchéime a bhí fágtha ach amháin san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán, agus go ndearnadh táirgí a bhaineann le cosaint a eisiamh go sainráite ón raon feidhme.

iii. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme maidir le deonú, modhnú agus foirceannadh cheadúnas éigeantach an Aontais trí úsáid a bhaint as an nós imeachta scrúdúcháin. Cuireadh isteach clásal neamhthuairime chun a áirithiú nach féidir gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh nuair nach dtugann an coiste coisteolaíochta tuairim.

iv. Comhaontaíodh go mbeadh sé ar cheann de na coinníollacha ginearálta maidir le ceadúnas éigeantach an Aontais a dheonú nárbh fhéidir comhaontú deonach a bhaint amach laistigh de thréimhse ama réasúnta. Cuireadh foráil isteach, áfach, chun a shoiléiriú go bhféadfaí comhaontuithe deonacha a thabhairt i gcrích tráth ar bith le linn an phróisis éigeantaigh deonaithe ceadúnais nó ina dhiaidh.

v. Baineadh an uasteorainn 4 % ar luach saothair, a mhol an Coimisiún. Coigeartaíodh na critéir chun luach saothair a chinneadh chun béim a leagan ar luach eacnamaíoch na ngníomhaíochtaí ábhartha arna n-údarú faoi cheadúnas éigeantach an Aontais agus ar an tacaíocht phoiblí a fuarthas chun an t-aireagán a fhorbairt.

vi. Rinneadh fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla as mainneachtain an cheadúnaí na hoibleagáidí dá bhforáiltear sa Rialachán a chomhlíonadh a choigeartú chun íocaíochtaí níos ísle ná mar a mhol an Coimisiún a bheith mar thoradh orthu, chomh maith le FBManna a chur san áireamh. Ní bheartaítear leis an Rialachán fíneálacha ná íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla do na sealbhóirí cirt.

vii. A mhéid a bhaineann le leasuithe ar Rialachán (CE) 816/2006 le haghaidh onnmhairithe, chinn na comhreachtóirí na hathruithe a tugadh isteach a theorannú dóibh siúd lena gcumasaítear do Rialachán (CE) 816/2006 agus don Rialachán maidir le ceadúnú éigeantach an Aontais cómhaireachtáil ar bhealach atá fónta ó thaobh an dlí de.

viii. Tá sé d’oibleagáid ar an gCoimisiún measúnú rialta a dhéanamh ar liosta na n-ionstraimí géarchéime san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán agus tuairisciú ar an measúnú do na comhreachtóirí gach 5 bliana. Mar chuid den mheastóireacht, beidh ar an gCoimisiún aird ar leith a thabhairt ar shaincheist na leathsheoltóirí le haghaidh trealamh leighis.

## IV. CONCLÚID

12. Léirítear go hiomlán sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an comhréiteach ar thángthas air le linn na caibidlíochta a rinne Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, agus a d'éascaigh an Coimisiún.

13. Creideann an Chomhairle, dá bhrí sin, gur léiriú cothrom é a seasamh ar an gcéad léamh ar thoradh na caibidlíochta agus, a luaithe a ghlacfar é, go dtabharfar isteach leis an Rialachán córas um cheadúnú éigeantach de chuid an Aontais a chuideoidh le hathléimneacht an Aontais a neartú trí aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo laistigh den Aontas.